C/2025/6077

7.11.2025

Fógra le haghaidh daoine áirithe atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2074 ón gComhairle agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2063 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala

(C/2025/6077)

Dírítear aird Jorge Elieser MÁRQUEZ MONSALVE (Uimh. 31) agus Remigio CEBALLOS ICHASO (Uimh. 37), na daoine a luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2074 ón gComhairle ([1]) agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2063 ón gComhairle ([2]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala, ar an bhfaisnéis seo a leanas:

Tá sé beartaithe ag an gComhairle ainmniú na ndaoine thuasluaite a choimeád, srianta taistil san áireamh, agus leasú déanta ar na ráitis ar chúiseanna.

Cuirtear in iúl do na daoine sin, leis seo, go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun go bhfaighidh siad an ráiteas beartaithe ar chúiseanna maidir lena n-ainmniú a choimeád, faoin **14 Samhain 2025**, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

([1]) IO L 295, 14.11.2017, lch. 60
([2]) IO L 295, 14.11.2017, lch. 21